**CINNEADH Uimh. 86/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an 18 Márta 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1154]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2019 lena bhforlíontar Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chomhchoiteann agus ceanglais íosta cháilíochta chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2000 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena leagtar síos formáid maidir le sonraí faoi dhramhaíl bhia a thuairisciú agus maidir leis an tuarascáil seiceála cáilíochta a thíolacadh i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) De bhua Chinneadh Uimh. 318/2021 ó Chomhchoiste LEE an 29 Deireadh Fómhair 2021, níl feidhm ag Airteagal 9(5) agus (8) de Threoir 2008/98/CE maidir le Lichtinstéin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 32fff (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1004 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

"32ffg. **32019 D 1597**: Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2019 lena bhforlíontar Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chomhchoiteann agus ceanglais íosta cháilíochta chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach (IO L 248, 27.9.2019, lch. 77).

32ffh. **32019 D 2000**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2000 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena leagtar síos formáid maidir le sonraí faoi dhramhaíl bhia a thuairisciú agus maidir leis an tuarascáil seiceála cáilíochta a thíolacadh i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 310, 2.12.2019, lch. 39)."

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Chinneadh Tharmligthe (AE) 2019/1597 agus Chinneadh Chur Chun Feidhme (AE) 2019/2000 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022, ar an gcoinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 318/2021 ó Chomhchoiste LEE an 29 Deireadh Fómhair 2021 ([3]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 248, 27.9.2019, lch. 77.
([2]) IO L 310, 2.12.2019, lch. 39.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) (Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Márta 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN